
# 8 Monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar fheidhmíocht na gcigireachtaí scoile

**8.1** Tá gach bunscoil agus iar-bhunscoil Stát-mhaoinithe in Éirinn faoi réir cigireachta ag Cigireacht na Roinne Oideachais (an Roinn). Foráiltear le hAlt 13 den Acht Oideachais, 1998 (an tAcht) do Chigireacht a bhunú a bhfuil na príomhdhualgais seo a leanas uirthi

- cinnteacht a sholáthar maidir le cáilíocht agus cuntasacht phoiblí sa chóras oideachais.
- cigireacht a dhéanamh ar scoileanna agus ar ionaid oideachais.
- meastóireachtaí náisiúnta a dhéanamh.
- dea-chleachtas agus feabhsúchán scoile a chur chun cinn trí chomhairle a chur ar mhúinteoirí, ar phríomhoidí agus ar bhoird bhainistíochta i scoileanna.
- tuairiscí cigireachta a fhoilsiú ar scoileanna aonair agus ar ionaid aonair oideachais.
- tuairisciú ar sholáthar curaclaim, teagasc, foghlaim agus measúnú go ginearálta sa chóras oideachais.
- an Ghaeilge a chur chun cinn.
- comhairle a chur ar lucht déanta beartas sa Roinn agus ar an gcóras oideachais níos leithne.
- meastóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar sholáthar oideachais do leanaí agus daoine óga a bhfuil an baol ann go mbeidís faoi mhíbhuntáiste oideachasúil agus dóibh siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- féinmheastóireacht scoile a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt di.

**8.2** Mar a léirítear i bhFíor 8.1, ag deireadh 2023, tháinig 7,931 scoil, suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim, agus ionad oideachais faoi réimse freagrachta na Cigireachta. Is ionann bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna agus thart ar 48% de na suíomhanna a ndearnadh cigireacht orthu.

**Fíor 8.1 Líon na scoileanna, na suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim, agus na n-ionad oideachais a bhí faoi réir cigireachta amhail an 31 Nollaig 2023.**




Foinse: Cigireacht na Roinne Oideachais

**8.3** In 2023, bhí ollchaiteachas iomlán de thart ar €10.18 ag an Roinn. Bhí caiteachas riaracháin de dhíreach os cionn €139 milliún ag an Roinn, agus bhain €15.1 milliún de sin leis an gCigireacht. Bhain os cionn 90% den chaiteachas ar an gCigireacht le tuarastail, pá agus liúntais.

**8.4** Leis an Acht, ceanglaítear ar an Aire Oideachais (an tAire) Príomhchigire a cheapadh, agus foráiltear don Aire cinneadh a dhéanamh maidir le líon na bpost cigireachta. Sainmhínítear san Acht an Príomhchigire agus na cigirí le chéile mar an Chigireacht.

**8.5** Ag deireadh 2023, bhí 138 cigire san iomlán fostaithe ag an Roinn (ar bhonn coibhéis lánaimseartha), lucht ardbhainistíochta san áireamh. Sanntar thart ar 48% den fhoireann chun cigireacht a dhéanamh ar bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Roinntear an Chigireacht ina naoi n-aonad gnó — cúig aonad cigireachta réigiúnacha agus ceithre aonad beartais.

## Fócas an imscrúdaithe seo

**8.6** Déanann an tuairisc seo imscrúdú ar an gcaoi a dhéanann an Roinn monatóireacht agus tomhas ar thionchar na gcigireachtaí scoile. Chun críocha an imscrúdaithe seo, níor measadh ach cigireachtaí ar bhunscoileanna (scoileanna speisialta ina measc) agus iar-bhunscoileanna. Ní bhaineann cigireachtaí ar shuíomhanna luathfhoghlama agus cúraim agus ar ionaid oideachais eile le raon na tuairisce.

**8.7** Chuaigh an fhoireann imscrúdaithe i mbun plé leis an gCigireacht agus rinne siad athbhreithniú ar cháipéisíocht lena n-áirítear tuairiscí ar an gcóras bainistíochta, cáipéisí nós imeachta, tuarascálacha bliantúla, cumarsáid inmheánach, cuir i láthair bainistíochta, beartas na Cigireachta, cáipéisí straitéise, treoracha cigireachta foilsithe agus ciorcláin na Roinne.

## An próiseas roghnúcháin maidir le cigireacht scoile

**8.8** De réir Alt 13(3) den Acht, cinneann an Chigireacht a clár bliantúil cigireachta. Cuireann an Chigireacht an próiseas i gcrích maidir le scoileanna a shainaithint le haghaidh cigireachta, dhá uair sa bhliain – i mí an Mheithimh agus i mí na Nollag. Bíonn an cinneadh maidir leis an gcineál cigireachta a dhéantar agus maidir le bunscoil nó iar-bhunscoil a roghnú bunaithe ar chúinsí amhail

- an uair dheiridh a rinneadh cuairt chigireachta ar scoil amhail meastóireacht ar an scoil uile nó cineál eile cigireachta
- cé acu an ndearnadh nó nach ndearnadh an scoil a shainaithint le haghaidh cigireacht leantach
- acmhainní Cigireachta atá ar fáil agus laethanta scoile atá ar fáil
- faisnéis atá bunaithe ar riosca faoi na scoileanna atá ar fáil ó Chóras Faisnéise um Bainistiú Cigireachta (IMIS) na Cigireachta, agus ón bhfaisnéis logánta atá ag na cigirí sna haonaid réigiúnacha
- tacaíocht chigireachta do leasuithe níos leithne de chuid na Roinne ó thaobh curaclaim agus córais de
- cigireachtaí ina gcuirtear meastóireacht agus forbairt beartais san áireamh
- cothromaíocht a bhaint amach i measc na gcineálacha éagsúla cigireachtaí lena n-áirítear meastóireachtaí ar an scoil uile, cigireacht ábhair, meastóireachtaí ar churaclaim, meastóireachtaí DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna), agus cigireachtaí sna réimsí riachtanais speisialta oideachais, agus cuimsiú.

## Cineálacha cigireachtaí scoile

**8.9** Déantar cigireachtaí scoile de réir an Achta agus de réir an Chóid Cleachtais do Chigireacht na Roinne Oideachais, (2022). Mar a léirítear i bhFíor 8.2, bíonn cineálacha éagsúla cigireachtaí in úsáid ag an gCigireacht, amhail

- ***cigireachtaí teagmhasacha*** aon lae nach dtugtar fógra ina dtaobh de ghnáth,
- ***cigireachtaí um meastóireacht ar an scoil uile*** a bhíonn níos déine, agus
- cigireachtaí ***leantacha*** ar cén chaoi ar chuir scoileanna na moltaí a rinneadh i gcigireachtaí roimhe sin i bhfeidhm.

**Fíor 8.2 Cineálacha cigireachtaí le haghaidh bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna[a, b]**

| Cineál cigireachta | Mionsonra | Fógra a thugtar | Lá/laethanta na cuairte ar an láthair | Toradh |
|---|---|---|---|---|
| **Cigireacht theagmhasach** | Déantar meastóireacht ar ghnéithe d'obair na scoile faoi ghnáthchúinsí le linn gnáthlá scoile. | **Ní thugtar fógra** | 1 | Nóta scríofa comhairle nó aiseolas ó bhéal |
| **Meastóireacht ar an gcuraclam/ cigireacht ábhair** | Dírítear ar mheastóireacht a dhéanamh ar ábhar ar leith i gcuraclam na bunscoile nó na hiar-bhunscoile. | **Tugtar fógra** Cúig lá oibre roimh ré | 1-2 | Foilsiú na tuairisce deiridh |
| **Meastóireacht ar an scoil uile — bainistíocht, ceannaireacht, agus foghlaim (WSE-MLL)** | Déantar meastóireacht ar phríomhghnéithe de cháilíocht na hoibre sa scoil — foghlaim na ndaltaí, teagasc, tacaíocht d'fholláine na ndaltaí, ceannaireacht agus bainistíocht agus féinmheastóireacht scoile. | **Tugtar fógra** Deich lá oibre roimh ré | 3-5 | Foilsiú na tuairisce deiridh |
| **Meastóireacht ar phleanáil gníomhartha d'fheabhsúcháin i scoileanna DEIS[c]** | Déantar meastóireacht ar an gcaoi a ndéanann scoileanna pleananna gníomhartha le haghaidh feabhsúcháin ar théamaí DEIS a cheapadh, a chur i bhfeidhm agus a mhonatóiriú. | **Tugtar fógra** Deich lá oibre roimh ré | 3 | Foilsiú na tuairisce deiridh |
| **Meastóireacht ar chleachtais chuimsitheacha agus ar an soláthar do leanaí a bhfuil riachtanais bhreise agus riachtanais speisialta oideachais acu** | Déantar meastóireacht ar sholáthar do scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise agus riachtanas speisialta oideachais acu laistigh de ranganna príomhshrutha agus i suíomhanna tacaíochta. | **Tugtar fógra** Deich lá oibre roimh ré | 2 | Foilsiú na tuairisce deiridh |
| **Cigireacht um chosaint agus chumhdach leanaí** | Déantar iniúchadh ar chomhlíontacht scoile le príomhghnéithe na nósanna imeachta um chosaint leanaí do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna. | **Tugtar fógra** 24 – 48 uair an chloig roimh ré | 2 | Foilsiú na tuairisce tosaigh agus deiridh |
| **Cigireacht Leantach** | Déantar measúnú ar an dul chun cinn atá déanta ag scoil maidir leis na moltaí a chuir siad i bhfeidhm, a fuair siad ó chigireachtaí roimhe sin. | **Tugtar fógra** Dhá lá oibre roimh ré | 1 | Foilsiú na tuairisce deiridh |

Foinse: *Treoir maidir le Cigireacht in Iar-bhunscoileanna; Treoir maidir le Cigireacht i mBunscoileanna agus i Scoileanna Speisialta,* an Roinn Oideachais (Eanáir 2024). Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí:
a Gan cigireachtaí atá dírithe ar bheartas a chur san áireamh, lena n-áirítear cigireachtaí a bhfuil gá leo trí mheamram tuisceana le ranna rialtais eile (mar shampla Coláistí Gaeilge) agus cigireachtaí eile a iarrann rannóga eile laistigh den Roinn nó cigireachtaí ar iarratas ón Aire.

b Tugadh isteach cineál cigireachta ar a dtugtar 'ag tacú le soláthar sábháilte scolaíochta' mar fhreagra ar Covid-19. Níl an cineál sin cigireachta á dhéanamh níos mó agus ní dhearnadh aon cheann in 2023 ná 2024.


c Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna.

## An próiseas cigireachta

**8.10** Déantar cigireachtaí scoile laistigh d’fhéilire na scoilbhliana. Mar a léirítear i bhFíor 8.3, bíonn trí chéim i gcigireacht scoile de ghnáth.

- Ach amháin i gcás cigireachtaí teagmhasacha, is é an chéad chéim a bhíonn ann de ghnáth réamhfhógra a thabhairt go mbeidh an chigireacht ag tarlú.
- Ina dhiaidh sin, tugtar cuairt ar láthair na scoile chun breathnú ar an teagasc agus foghlaim sna seomraí ranga, suirbhéanna daltaí a reáchtáil, athbhreithniú a dhéanamh ar cháipéisíocht amhail clár na scoile, ar cháipéisíocht éagsúil bheartais agus ar phleananna curaclaim, agus chun cruinnithe éagsúla a reáchtáil freisin, mar shampla, leis an mbord bainistíochta, le baill den fhoireann mhúinteoireachta nó le grúpaí tuismitheoirí.
- Ag deireadh na cigireachta scoile, reáchtáiltear cruinnithe aiseolais leis an scoil agus ina dhiaidh sin cuirtear tuairisc chigireachta i gcrích (ach amháin i gcás na gcigireachtaí teagmhasacha) a dhéanann achoimre ar na príomhthorthaí agus ar na príomh-mholtaí ón meastóireacht.

**Fíor 8.3 An Gnáthphróiseas Cigireachta**




Foinse: *Treoir maidir le Cigireacht in Iar-bhunscoileanna; Treoir maidir le Cigireacht i mBunscoileanna agus i Scoileanna Speisialta*, an Roinn Oideachais (Eanáir 2024)

Nóta: a Ní dhéantar suirbhéanna ná cruinnithe le linn cigireachtaí teagmhasacha, meastóireachtaí curaclaim agus cigireachtaí ábhair.

## Feidhmíocht cigireachta a thomhas

**8.11** Tá gá le slata tomhais feidhmíochta chun a chur ar chumas na Roinne, agus a páirtithe leasmhara, measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an Chigireacht ag baint amach a cuid cuspóirí agus tosaíochtaí. Is éard a dhéanfadh córas maith chun feidhmíocht a thomhas ná

- cuidiú le slata tomhais feidhmíochta a ailíniú le haidhmeanna agus cuspóirí foriomlána na Cigireachta.
- cuidiú le tuairisciú ar thorthaí ó ghníomhaíochtaí na Cigireachta i gcomparáid leis na spriocanna.
- léargas cuimsitheach a sholáthar maidir le feidhmíocht ar fud ghníomhaíochtaí na Cigireachta.

**8.12** Ní chuireann an Roinn ach slat tomhais aschuir amháin ar fáil le haghaidh cigireachtaí ina Meastachán bliantúil Athbhreithnithe i.e. líon iomlán na gcigireachtaí ar shuíomhanna luathfhoghlama agus cúraim, ar bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna agus eile. Ní sholáthraítear sprioc don tslat tomhais sin.

**8.13** Dúirt an Roinn nach léiríonn an tslat tomhais aschuir sna Meastacháin Athbhreithnithe leithead agus doimhneacht na cigireachta agus na ngníomhaíochtaí comhairleacha a dhéantar ar fud an chórais gach bliain. Dúirt sí go n-áirítear leis an ráiteas bliantúil ar thosaíochtaí líon na gcigireachtaí scoile agus na dtuarascálacha cigireachta a fhoilsítear.[1] Luadh sa scrúdú nach ndéantar cur síos ar uimhreacha a chuirtear i láthair sa ráiteas sin mar spriocanna ach mar uimhreacha garbha maidir le líon na gcigireachtaí a chuirtear i gcrích ar bhonn bliantúil, chomh maith le huimhreacha garbha maidir le líon na dtuairiscí cigireachta a fhoilsítear ar bhonn bliantúil.

**8.14** Dúirt an Roinn freisin go soláthraíonn tuarascáil bhliantúil na Roinne miondealú mionsonraithe uimhriúil ar na cineálacha cigireachta agus gníomhaíochtaí comhairleacha a dhéanann an Chigireacht. Is faoin mbliain 2022 an tuarascáil bhliantúil is déanaí atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne.[2] Déantar tuairisciú inti ar ghníomhaíochtaí a rinneadh, ach ní dhéantar tuairisciú inti ar thorthaí i gcomparáid le spriocanna réamhshocraithe.

### *Faisnéis maidir le bainistíocht*

**8.15** Ó mhí Mheán Fómhair 2016, tá córas TFC in úsáid ag an gCigireacht ar a dtugtar an Córas Faisnéise um Bainistiú Cigireachta (IMIS) chun faisnéis a thaifeadadh faoina gníomhartha cigireachta scoile.[3] Tugtar uimhir ‘rolla’ do gach bunscoil agus iar-bhunscoil (a sholáthraíonn an Roinn) a mbaintear leas aisti mar uimhir aitheantais laistigh de IMIS. Tugtar uimhir shainiúil aitheantais do gach cigireacht a dhéantar.

**8.16** Áirítear leis an bhfaisnéis a thaifeadtar le haghaidh scoile ar IMIS stair cigireachtaí na scoile (cigireachtaí atá curtha i gcrích agus cigireachtaí atá fós ar siúl), torthaí cigireachta agus moltaí.

### *Gníomhaíocht chigireachta 2016 – 2023*

**8.17** Fuair an fhoireann imscrúdaithe sonraí ar líon na gcigireachtaí a cuireadh i gcrích agus a taifeadadh ar IMIS idir mí Mheán Fómhair 2016 agus mí na Nollag 2023 le haghaidh bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Dar le IMIS, ba é 24,099 líon iomlán na gcigireachtaí a cuireadh i gcrích.

1 Tá *Forbairt – Ráiteas Bliantúil ar Thosaíochtaí 2023, An Roinn Oideachais* ar fáil anseo.

2 Tá *Tuarascáil Bhliantúil 2022 na Roinne Oideachais* (arna foilsiú in 2023) ar fáil anseo.

3 Is córas beo é IMIS a chuimsíonn cigireachtaí beartaithe, cigireachtaí atá ar siúl, agus cigireachtaí atá curtha i gcrích.

**8.18** Fuarthas san imscrúdú gur cuireadh breis agus 50 cur síos isteach sa réimse 'cineál cigireachta' in IMIS. Bhí roinnt de na cuir síos éasca le haithint mar chineál cigireachta ach i gcás cuid mhór eile, ní raibh sé soiléir cén cineál cigireachta a bhí i gceist.

**8.19** Fuarthas san imscrúdú freisin gur bhain cuid de na cuir síos a taifeadadh sa réimse 'cineál cigireachta' le feidhmeanna eile den Chigireacht, lena n-áirítear feidhmeanna amhail comhairle a chur ar scoileanna maidir le féinmheastóireacht scoile. Le linn Covid-19, leathnaíodh feidhm na Cigireachta go ról comhairleach maidir le soláthar sábháilte scolaíochta agus gníomhaíochtaí eile a bhain le Covid-19. Ina theannta sin, rinne an Chigireacht feidhm chomhairleach a sholáthar do scoileanna lena n-áirítear leanúnachas na foghlama agus atosú na scolaíochta i ndiaidh Covid-19.


**8.20** D'aithin an fhoireann imscrúdaithe go ndearnadh taifead ar 9,826 coinne chomhairleach san iomlán in IMIS don tréimhse idir mí Mheán Fómhair 2016 agus mí na Nollag 2023. Fuarthas amach san imscrúdú go bhfuil an ghníomhaíocht chomhairleach sin san áireamh i líon iomlán na gcigireachtaí a tuairiscíodh sna Meastacháin Athbhreithnithe. Ina theannta sin, bhí 721 gníomhaíocht bhreise in IMIS agus an cur síos 'achomharc alt 29' leo.[1]

**8.21** Nuair nach gcuirtear gníomhaíochtaí na Cigireachta nár bhain le cigireachtaí san áireamh, ba é líon iomlán na gcigireachtaí bunscoile agus iar-bhunscoile a cuireadh i gcrích idir mí Mheán Fómhair 2016 agus mí na Nollag 2023 ná 13,552 — rud a léiríonn thart ar 56% den ghníomhaíocht uile a taifeadadh in IMIS. Leagtar amach dáileadh na gcigireachtaí sin de réir cineáil i bhFíor 8.4.

**8.22** Léirítear leibhéal na gníomhaíochta de réir bliana maidir le cigireacht ar bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna idir Meán Fómhair 2016 – Nollaig 2023 i bhFíor 8.5 (thall). Is féidir tionchar Covid-19 ar ghníomhaíocht chigireachta a fheiceáil in 2020 agus tá méadú ar an ngníomhaíocht le sonrú ina dhiaidh sin. Faoi 2023, sháraigh an ghníomhaíocht chigireachta an t-aschur a bhí ann roimh Covid-19, mar gheall, i bpáirt, ar leathnú breise ar fheidhm na Cigireachta chun cigireachtaí um chosaint agus chumhdach leanaí a chur san áireamh.

1 Baineann Alt 29 den Acht Oideachais, 1998 le scoláirí a eisiamh ó scoileanna ar chúiseanna smachtaithe agus ar chúiseanna eile.

**Fíor 8.4 Cigireachtaí ar bhunscoileanna (scoileanna speisialta san áireamh) agus ar iar-bhunscoileanna, Meán Fómhair 2016 – Nollaig 2023**





Foinse: Córas Faisnéise um Bainistiú Cigireachta, an Roinn Oideachais

Nótaí:

a Áirítear le 'eile' 362 cigireacht um chosaint agus chumhdach leanaí; 158 cleachtas chuimsitheacha do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu; 107 meastóireacht ar an bpleanáil i scoileanna DEIS; 79 cigireacht i scoileanna DEIS maidir le litearthacht agus uimhearthacht; 90 meastóireacht cláir; 99 cigireacht deimhnithe aitheantais mar scoileanna Gaeltachta; 336 cigireacht ar scoileanna samhraidh; 197 cigireacht um scrúduithe idirnáisiúnta; 244 cineál éagsúil cigireachta (11 chatagóir dhifriúla).

b Tugadh isteach cineál cigireachta ar a dtugtar 'ag tacú le soláthar sábháilte scolaíochta' mar fhreagra ar Covid-19. Níl an cineál sin cigireachta á dhéanamh níos mó agus ní dhearnadh aon cheann in 2023 ná 2024.

**Fíor 8.5 Gníomhaíocht chigireachta de réir cigireachta agus cineáil scoile, Meán Fómhair 2016 – Nollaig 2023**




Foinse: Córas Faisnéise um Bainistiú Cigireachta, an Roinn Oideachais

Nóta: a Tugadh isteach cineál cigireachta ar a dtugtar ‘ag tacú le soláthar sábháilte scolaíochta’ mar fhreagra ar Covid-19. Níl an cineál sin cigireachta á dhéanamh níos mó agus ní dhearnadh aon cheann in 2023 ná 2024.

### *Meastóireachtaí ar an scoil uile*

**8.23** Tá cigireachtaí um meastóireacht ar an scoil uile níos déine ná cineálacha eile cigireachta. Ba chigireachtaí den sórt sin iad 7% den líon cigireachtaí scoile a rinne an Chigireacht idir mí Mheán Fómhair 2016 agus mí na Nollag 2023.

**8.24** Chun measúnú a dhéanamh ar mheánleibhéal na meastóireachtaí scoile uile a rinneadh, cuireadh sonraí don tréimhse 2016 as an áireamh toisc nach bliain iomlán a bhí inti agus don tréimhse 2020 go 2022 (agus na blianta sin san áireamh) mar gheall ar an tionchar a bhí ag Covid-19 ar ghníomhaíocht na Cigireachta. Áiríodh leis sin straitéis fhoirmiúil chun díriú ar chigireachtaí teagmhasacha mar chuid den obair a tosaíodh arís le scoileanna in 2022.

**8.25** Fuarthas san imscrúdú go mbíonn, ar an meán, thart ar 120 bunscoil faoi réir cigireacht meastóireachta ar an scoil uile gach bliain, as 3,089 scoil sa tír ar an iomlán – sin ráta cumhdaigh thart ar 4%. Ar leibhéal na hiar-bhunscoile, ar an meán, bíonn thart ar 65 scoil faoi réir cigireacht meastóireachta ar an scoil uile gach bliain, amach as 722 scoil – sin ráta cumhdaigh 9%. Léiríonn sé sin timthriall cigireachta féideartha don mheastóireacht ar an scoil uile gach 25 bliain le haghaidh bunscoileanna, agus 11 bhliain le haghaidh iar-bhunscoileanna.

**8.26** Luaigh an Roinn go bhfuil an mheastóireacht ar an scoil uile ar cheann den raon samhlacha meastóireachta a úsáideann an Chigireacht chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht an tsoláthair oideachais i scoileanna. Nuair a úsáidtear raon samhlacha cigireachta soláthraítear córas dearbhaithe cáilíochta ina gcuirtear acmhainní cigireachta in úsáid freisin ar bhealach comhréireach agus éifeachtach.

### *Cigireachtaí teagmhasacha*

**8.27** Cigireachtaí teagmhasacha – lá amháin a bhíonn i gceist leo – agus is iad a bhí i gceist le 36% de na cigireachtaí uile a rinneadh idir mí Mheán Fómhair 2016 agus mí na Nollag 2023 (4,873 as 13,552). Bhí sé sin á spreagadh den chuid is mó ag an straitéis fhoirmiúil chun díriú ar chigireachtaí teagmhasacha tar éis Covid-19.[1] Dá thoradh sin, tháinig méadú ó 520 cigireacht teagmhasach ar leibhéil bhunscoile agus iar-bhunscoile in 2019 go dtí 1,572 in 2022. Bhí an ghníomhaíocht i gcigireacht theagmhasach ar ais chuig na leibhéil ag a raibh siad roimh Covid-19 in 2023.

## Torthaí na gcigireachtaí

**8.28** Cé is moite de chigireacht theagmhasach, nuair a bhíonn gach cigireacht eile curtha i gcrích, cuirtear tuairisc chigireachta i gcrích agus bíonn torthaí agus moltaí an chigire mar chuid di. Eisítear í sin don scoil ábhartha chun na fíorais inti a fhíorú agus chun freagra na scoile a fháil sula gcuirtear bailchríoch uirthi agus sula bhfoilsítear í ar shuíomh gréasáin na Roinne.[2]

**8.29** Ní thugann an Chigireacht rátáil fhoriomlán do na scoileanna ag deireadh na cigireachta. Rátáiltear scoileanna i gcomhréir le ‘contanam cáilíochta’, mar a léirítear i bhFíor 8.6, thar chatagóirí sonracha a scrúdaítear le linn na cigireachta amhail teagasc agus foghlaim i seomraí ranga agus próisis pleanála curaclaim.

1 Leagadh athbhreithnithe ar shocruithe cigireachta amach i gCiorclán 32/2021 agus i gCiorclán 33/2021 na Roinne Oideachais.

2 IR 49/2006 Rialacháin 2006 an Achta Oideachais, 1998 (Foilsiú Tuairiscí Cigireachta ar Scoileanna agus Ionaid Oideachais).

**Fíor 8.6 An contanam cáilíochta le haghaidh cigireachtaí scoile**

| Leibhéal | Cur síos |
|---|---|
| **Ar fheabhas** | Is é atá i gceist le soláthar atá ar fheabhas ná soláthar atá eiseamláireach chun freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí. Is eiseamláir de chaighdeáin rí-ard é do scoileanna agus do shuíomhanna eile. |
| **An-mhaith** | Is é atá i gceist le soláthar an-mhaith ná soláthar atá an-éifeachtach agus ar chaighdeán an-ard chun freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí. D'fhéadfaí tógáil ar na láidreachtaí atá ann cheana féin chun caighdeán den scoth a bhaint amach. |
| **Go maith** | Is é atá i gceist le soláthar atá go maith ná soláthar atá éifeachtach chun freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí. Is gá tógáil ar na láidreachtaí atá ann cheana féin chun aghaidh a thabhairt ar na gnéithe atá le forbairt agus caighdeán an-mhaith a bhaint amach. |
| **Teastaíonn feabhas chun caighdeán maith a bhaint amach** | Níl an soláthar a éilíonn feabhas chun dea-chaighdeán a bhaint amach sách éifeachtach chun freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí. Is gá aghaidh a thabhairt ar easnaimh áirithe gan mhoill chun a chinntiú go bhfuil an soláthar ar chaighdeán maith nó níos fearr. |
| **Teastaíonn feabhas suntasach chun caighdeán maith a bhaint amach** | Níl an soláthar a éilíonn feabhas suntasach chun caighdeán maith a bhaint amach chun freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí. Tá gá láithreach le gníomhaíocht shuntasach chun aghaidh a thabhairt ar na réimsí imní. |

Foinse: *Treoir maidir le Cigireacht i mBunscoileanna, in Iar-bhunscoileanna agus i Scoileanna Speisialta*, Cigireacht na Roinne Oideachais (Eanáir 2024)

**8.30** Ó tugadh isteach an ceanglas maidir le tuairiscí cigireachta a fhoilsiú in 2006, d'fhoilsigh an Chigireacht 20,882 tuairisc chigireachta san iomlán. Laghdaíonn an figiúr sin go dtí 17,005 nuair nach gcuirtear 3,877 cigireacht luathbhlianta san áireamh. Foilsíodh thart ar 1,000 tuairisc ar an meán gach bliain i gcás na dtuairiscí cigireachta scoile eile, sa tréimhse go dtí deireadh 2023. Toisc go raibh 3,950 bunscoil agus iar-bhunscoil ar an iomlán ann (scoileanna speisialta ina measc) ag deireadh 2023, léiríonn sé sin a bheag nó a mhór cumhdach cigireachta de thart ar 25% de na scoileanna in aghaidh na bliana. Ar an mbunús sin, beidh gach scoil faoi réir cigireachta as a leanfaidh tuairisc chigireachta a fhoilseofar thart ar uair in aghaidh gach ceithre bliana ar an meán.

**8.31** Fuarthas san imscrúdú nár foilsíodh aon tuairisc chigireachta le haghaidh 41 bunscoil agus le haghaidh deich n-iar-bhunscoil ó 2006, ag tabhairt le fios nach ndearnadh orthu ach cigireacht theagmhasach nó go raibh siad faoi réir samhla cigireachta eile nach bhfoilsítear tuairisc scríofa ina leith.

- As an 41 bunscoil nár foilsíodh tuairisc ina leith, cuireadh 24 ar bun le cúig bliana anuas agus cuireadh sé cinn eile ar bun le deich mbliana anuas. Dúirt an Roinn go raibh cigireacht de chineál éigin nó cuairt chomhairleach ag an 11 scoil eile.
- As na deich iar-bhunscoil nár foilsíodh tuairisc ina leith, cuireadh seacht gcinn acu ar bun le ceithre bliana anuas. Dúirt an Roinn cé is moite de dhá scoil as na scoileanna sin a cuireadh ar bun le bliain anuas, go ndearnadh cineál éigin cigireachta agus/nó gur tugadh cuairt chomhairleach ar na hocht gcinn eile.

### *Athbhreithnithe cigireachta*

**8.32** I gcomhréir leis an Acht, féadfaidh scoil, múinteoir nó bord bainistíochta a raibh tionchar ag cigireacht orthu athbhreithniú Alt 13(9) den chigireacht a iarraidh.[1] Sa tréimhse ó 2018 go dtí 2023, rinneadh ceithre athbhreithniú fhoirmiúla ar an iomlán.

**8.33** Dúirt an Roinn go ndéantar formhór den imní nó na gearáin maidir le cigireachtaí a réiteach go rathúil trí phróiseas neamhfhoirmiúil athbhreithnithe.

## Cigireachtaí leantacha

**8.34** Luíonn an fhreagracht maidir leis na moltaí a thugann an Chigireacht do scoileanna a chur i bhfeidhm leis an mbord bainistíochta, le príomhoidí na scoileanna agus leis na múinteoirí.


**8.35** Féadfaidh an Chigireacht cigireachtaí leantacha a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le dul i ngleic le roinnt de na moltaí nó na moltaí ar fad a rinneadh i gcigireacht roimhe sin. Déantar iad de ghnáth taobh istigh de thréimhse trí bliana. Tugtar tús áite do scoileanna ag a bhfuil gnéithe feidhmíochta a fuair níos lú ná rátáil shásúil le haghaidh na gcigireachtaí leantacha. Mar sin féin, níl sé éigeantach cigireachtaí leantacha a dhéanamh.

**8.36** Le linn do chigirí torthaí cigireachta a chur isteach ar an IMIS tar éis cigireacht a dhéanamh, iarrtar orthu a thabhairt le fios cibé an dteastaíonn cigireacht eile. Úsáideann an Chigireacht an fhaisnéis sin chun scoileanna ar cheart cigireacht bhreise a dhéanamh orthu a roghnú. D'fhéadfadh aon cheann den raon cineálacha cigireachtaí agus gníomhaíochtaí comhairleacha a bheith sa ghníomhaíocht chigireachta iomchuí a bheidh le leanúint suas.

**8.37** Tháinig laghdú ar líon na gcigireachtaí leantacha a rinneadh in 2020 agus is ar éigean go ndearnadh ceann ar bith in 2021. Níl an oiread cigireachtaí leantacha á ndéanamh anois agus a bhí roimh Covid-19, mar a thaispeántar i bhFíor 8.7 thíos. Dúirt an Roinn go bhfuil an scéal amhlaidh toisc gur coigeartaíodh an clár cigireachta foriomlán in 2020, 2021 agus 2022 mar gheall ar thionchar Covid-19 chun tús áite a thabhairt do chigireachtaí um chosaint leanaí, do chigireachtaí teagmhasacha agus do chigireachtaí leantacha a raibh práinn leo. Dúirt an Roinn freisin go ndearnadh cineálacha eile cigireachtaí i scoileanna ar tugadh faoi deara gur theastaigh tuilleadh cigireachta a dhéanamh orthu sna blianta sin, amhail cigireachtaí teagmhasacha.

1 Is féidir teacht ar an nós imeachta maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar chigireachtaí a dhéanann Cigireacht na Roinne Oideachais faoi Alt 13(9) den Acht Oideachais, 1998 anseo.

**Fíor 8.7 Cigireachtaí leantacha 2018 – 2023**




Foinse: Córas Faisnéise um Bainistiú Cigireachta, an Roinn Oideachais

## Conclúidí agus moltaí

**8.38** Ní sholáthraíonn an Roinn ach díreach slat tomhais aschuir amháin maidir lena cigireacht ar bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna sa mheastachán bliantúil athbhreithnithe – an líon iomlán cigireachtaí a cuireadh i gcrích i ngach bliain airgeadais. Tuairiscítear é sin ar bhonn stairiúil, agus ní dhéantar difreálú air de réir cineál cigireachta ná leibhéal oideachais. Ní leagtar síos aon sprioc don tslat tomhais, a bhféadfaí measúnú a dhéanamh ina aghaidh maidir le seachadadh.

### Moladh 8.1

Ba cheart do Chigireacht na Roinne athbhreithniú a dhéanamh ar na slata tomhais feidhmíochta atá in úsáid faoi láthair agus iad a shainiú as an nua chun a chinntiú go dtugann siad léiriú níos cruinne ar a raon iomlán feidhmeanna. Cuideoidh sé sin leis an gCigireacht an próiseas cinnteoireachta agus pleanála araon a fheabhsú, agus cuideoidh sé le páirtithe leasmhara measúnú níos fearr a dhéanamh ar an aschur bliantúil agus ar éifeachtacht na Cigireachta.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaítear leis.

Chun é sin a bhaint amach, cuirfear aschuir níos mionsonraithe den Chigireacht ar fáil i bhfoirm táblaí sa Mheastachán Athbhreithnithe gach bliain ó R4 2024. Ina theannta sin, cuirfear tuairisciú níos mionsonraithe maidir le fairsinge ghníomhaíocht na Cigireachta thar a príomhfheidhmeanna i dtuarascáil bhliantúil na Roinne agus i ráiteas bliantúil tosaíochtaí na Roinne (Forbairt).

Foilseoidh an Chigireacht a tuarascáil bhliantúil féin (in éineacht le rannchuidiú le tuarascáil bhliantúil níos leithne na Roinne). Foilseofar an chéad tuarascáil bhliantúil ón gCigireacht in R4 2024.

**Amlíne le haghaidh cur chun feidhme**

Ráithe 4 2024.

**8.39** Taispeántar ar chóras faisnéise bainistíochta na Cigireachta (IMIS) gurb é 24,099 an líon iomlán cigireachtaí a cuireadh i gcrích sa tréimhse ó mhí Mheán Fómhair 2016 – mí na Nollag 2023. Fuarthas san imscrúdú go n-áirítear leis an líon iomlán sin gníomhaíochtaí a bhain le feidhmeanna eile de chuid na Cigireachta amhail a feidhmeanna comhairleacha. Nuair nach gcuirtear an ghníomhaíocht chomhairleach sin san áireamh, is cosúil go mbeidh scoil faoi réir cineál éigin cigireachta gach dhá bhliain ar a laghad, ar an meán. Mar sin féin, ní ann d'aon tagarmharc ná sprioc de chuid na Roinne chun an leibhéal gníomhaíochta sin a mheas ina choinne.

**Moladh 8.2**

Ba cheart do Chigireacht na Roinne beartas foirmiúil cigireachta a leagan amach ina gcumhdaítear feidhmeanna cigireachta agus comhairleacha na Cigireachta araon, mar chuid de phróiseas pleanála corparáideach na Roinne. Ba cheart spriocanna cigireachta a leagan síos ansin i gcomhréir leis an mbeartas sin.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaítear leis.

**Amlíne le haghaidh cur chun feidhme**

Ráithe 2 2025.

**8.40** Thángthas ar dheacrachtaí san imscrúdú maidir le cáilíocht na sonraí a bhí á sealbhú laistigh de IMIS agus mar sin is deacair anailís a dhéanamh ar ghníomhaíocht chigireachta sna scoileanna. Cuireadh os cionn 50 tuairisceoir isteach sa réimse 'cineál cigireachta' in IMIS. Cé gurbh fhurasta roinnt acu sin a aithint mar chineál cigireachta, ní raibh sé chomh soiléir céanna i gcás cuid mhaith gníomhaíochtaí eile a taifeadadh.

**8.41** Bhain roinnt de na tuairisceoirí a taifeadadh sa réimse 'cineál cigireachta' le feidhmeanna eile na Cigireachta freisin lena n-áirítear comhairle a chur ar scoileanna i réimsí amhail féinmheastóireacht scoile, soláthar sábháilte scolaíochta, leanúnachas foghlama agus atosú na scolaíochta tar éis Covid-19. Bhain gníomhaíocht chomhairleach agus achomhairc maidir le socrúcháin scoile le 44% den líon iomlán a taifeadadh mar chigireachtaí ó 2016.

**Moladh 8.3**

Ba cheart do Chigireacht na Roinne athbhreithniú a dhéanamh ar an raon cigireachta agus ar ghníomhaíochtaí eile a dhéanann sí agus IMIS a athfhorbairt chun a acmhainneachtaí maidir le hanailíseacht sonraí a fheabhsú. Mar chuid de sin ba cheart rialuithe a chur i bhfeidhm laistigh de IMIS chun a chinntiú go ndéantar gníomhaíocht chigireachta agus gníomhaíocht eile a chatagóiriú go soiléir.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaítear leis.

Forbróidh agus tabharfaidh an Chigireacht cuir chuige athbhreithnithe isteach maidir le cigireachtaí ar bhonn céimnithe idir mí Dheireadh Fómhair 2024 agus mí Mheán Fómhair 2027. Oibreoidh an Chigireacht le rannán TFC na Roinne chun scrúdú a dhéanamh ar conas is féidir IMIS a fheabhsú agus tacú leis chun faisnéis níos fearr a chur ar fáil.

**Amlíne le haghaidh cur chun feidhme**

Deireadh Fómhair 2024 go Meán Fómhair 2027.

**8.42** Cuirtear tuairiscí cigireachta i gcrích agus foilsítear iad tar éis fhormhór na gcigireachtaí. Bíonn torthaí agus moltaí mar chuid de na tuairiscí sin, a eisítear don scoil ábhartha chun na fíorais inti a fhíorú agus chun freagra na scoile a fháil sula gcuirtear bailchríoch uirthi agus sula bhfoilsítear í. Tá próiseas athbhreithnithe i bhfeidhm freisin más gá. Dúirt an Roinn go ndéantar formhór na himní nó na ngearán maidir le cigireachtaí a réiteach go neamhfhoirmiúil agus nach ndeachaigh ach ceithre cinn ar aghaidh chuig athbhreithniú foirmiúil sa tréimhse 2018 – 2023.

### *Cigireachtaí leantacha*

**8.43** Luíonn an fhreagracht maidir leis na moltaí a thugann an Chigireacht a chur i bhfeidhm leis an mbord bainistíochta, le príomhoidí na scoileanna agus leis na múinteoirí. Ar chur i gcrích cigireachta, féadfaidh an cigire tabhairt le fios go bhfuil gá le cigireacht leantach. Tugtar tús áite do scoileanna ag a bhfuil gnéithe feidhmíochta a fuair níos lú ná rátáil shásúil le haghaidh na gcigireachtaí leantacha. Mar sin féin, tháinig deireadh le cigireachtaí leantacha le linn Covid-19, agus is beag acu a rinneadh ó shin.

**Moladh 8.4**

Ba cheart do Chigireacht na Roinne a cur chuige maidir le cigireachtaí leantacha a neartú, lena n-áirítear a cuid nósanna imeachta a chur ar bhonn foirmiúil, chun cinnteacht a thabhairt go dtugann scoileanna aghaidh ar mholtaí na cigireachta go cuí.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaítear leis.

Glacann an Roinn agus an Chigireacht leis go bhfuil gá le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chuir chuige reatha maidir le cigireacht leantach agus rannpháirtíocht le scoileanna agus maidir le nósanna imeachta reatha a chur ar bhonn foirmiúil chun an mheastóireacht ar an scoile uile a neartú agus chun pleanáil a dhéanamh i gcomhair feabhais.

Tá próiseas córasach i bhfeidhm cheana féin le haghaidh cigireachtaí leantacha. Ní hiad na cigireachtaí lena ngabhann an lipéad ‘cigireachtaí leantacha’ an t-aon mhodheolaíocht a úsáidtear chun tacú le cur i bhfeidhm iomlán mholtaí na cigireachta. Tugann an Chigireacht cuairteanna féin-mheastóireachta scoile agus cineálacha eile cuairteanna comhairleacha ar scoileanna. Ceaptar iad sin chun acmhainn phearsanra na scoile a fhorbairt chun a ról mar cheannairí feabhsúcháin scoile a chomhlíonadh, lena n-áirítear an ról atá acu i gcur i bhfeidhm mholtaí na cigireachta a stiúradh. Tá an cleachtas sin i gcomhréir leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta agus soláthraítear feidhm éifeachtach leantach leis chun tacú le scoileanna nó cumhacht a thabhairt dóibh úinéireacht a ghlacadh ar fheabhsú cáilíochta.

**Amlíne le haghaidh cur chun feidhme**

Ráithe 4 2025.